COISTE COMHAIRLEACH DON GHAEILGE: TUAIRISC 2021

IRISH LANGUAGE ADVISORY COMMITTEE: 2021 REPORT

Réamhrá

Cúlra

Bunaíodh an Coiste Comhairleach don Ghaeilge ("an Coiste") i mhí Aibreáin 2019 mar thionscnamh de chuid Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge ÚCÉ. Is é aidhm an Choiste tionscnaimh a fhorbairt agus a chur chun cinn a chuirfidh leis an méid Gaeilge a bheidh ar an raidió agus ar an teilifís araon. Tacaíonn na tionscnaimh sin le baint amach na gcúig Phríomhsprioc den Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge.

Ballraíocht

Tá ÚCÉ agus Foras na Gaeilge ina gcomhchathaoirligh ar an gCoiste. Ar na baill tá ionadaithe ó RTÉ, TG4, CRAOL, IBI, Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann agus Oireachtas na Gaeilge. Ag deireadh 2020, d'éirigh na baill seo a leanas as an gCoiste: Michael O'Keeffe (comhchathaoirleach ÚCÉ); Éamonn Ó hArgáin (comhchathaoirleach Foras na Gaeilge); Seosamh Ó Murchú (Foras na Gaeilge); Mick Hanley (CRAOL); Phil Manzor (IBI). Mhol na heagraíochtaí ábhartha baill eile, agus ba iad seo a leanas ionadaithe 2021:

- Fionnuala Murphy (ÚCÉ) comhchathaoirleach
- Anna Davitt (Foras na Gaeilge) comhchathaoirleach
- Sara McNamara (ÚCÉ)
- Colm Ó hArgáin (Foras na Gaeilge)
- Máirín Nic Dhonnchadha (Oireachtas na Gaeilge)
- Niamh Ní Churnáin (RTÉ)
- Lís Ní Dhálaigh (TG4)
- Muiris Ó Fiannachta (CRAOL)
- Teresa Quinn (CRAOL)
- Eimear Ní Bhraonáin (IBI)
- Lisa Ní Choisdealbha (IBI)
- Maggie Breathnach (LSÉ)

Introduction

Background

The Irish Language Advisory Committee ("the Committee") was established in April 2019 as an initiative of the BAI Irish Language Action Plan. The aim of the Committee is to develop and promote initiatives that will help increase the levels of Irish available to audiences on both radio and television. These initiatives support the achievement of the five Key Objectives of the Irish Language Action Plan.

Membership

The Committee is co-chaired by the BAI and Foras na Gaeilge. Membership also includes representatives from RTÉ, TG4, CRAOL, IBI, SPI and Oireachtas na Gaeilge. At the close of 2020, the following members retired from the Committee: Michael O'Keeffe (BAI co-chair); Éamonn Ó hArgáin (Foras na Gaeilge co-chair); Seosamh Ó Murchú (Foras na Gaeilge); Mick Hanley (CRAOL); Phil Manzor (IBI). Alternative members were recommended by the relevant organisations, and representation for 2021 was as follows:

- Fionnuala Murphy (BAI) co-chair
- Anna Davitt (Foras na Gaeilge) co-chair
- Sara McNamara (BAI)
- Colm Ó hArgáin (Foras na Gaeilge)
- Máirín Nic Dhonnchadha (Oireachtas na Gaeilge)
- Niamh Ní Churnáin (RTÉ)
- Lís Ní Dhálaigh (TG4)
- Muiris Ó Fiannachta (CRAOL)
- Teresa Quinn (CRAOL)
- Eimear Ní Bhraonáin (IBI)
- Lisa Ní Choisdealbha (IBI)
- Maggie Breathnach (SPI)

COISTE COMHAIRLEACH DON GHAEILGE: TUAIRISC 2021

IRISH LANGUAGE ADVISORY COMMITTEE: 2021 REPORT

D'fhreastail Clare Diamond ar chruinnithe freisin mar ionadaí Ardbhainistíochta don ÚCÉ, agus chuir Caroline Keville (ÚCÉ), Fiach Uíbh Eachach agus Oisín Mac Giolla Bhríde (Foras na Gaeilge) tacaíocht riaracháin ar fáil ag cruinnithe.

Tuairisciú

Cuireann an Coiste tuairisc achomair i scríbhinn faoi bhráid Údarás an BAI agus Bord Fhoras na Gaeilge ar bhonn bliantúil.

Cruinnithe

Socraíodh cruinnithe ar bhonn ráithiúil do 2021. Reáchtáladh na cruinnithe ar líne, agus tharla siad ar na dátaí seo a leanas:

- an 24 Márta 2021
- an 23 Meitheamh 2021
- an 15 Meán Fómhair 2021
- an 8 Nollaig 2021

Achoimre ar Ghníomhaíochtaí 2021

Díríodh ar na gníomhaíochtaí seo a leanas mar réimsí fócais do 2021:

- Taighde ar an bhféidearthacht a bhaineann le seirbhís raidió Gaeilge do dhaoine óga 15-34 bliana d'aois.
- Forbairt agus cur chun cinn leanúnach ar acmhainní Gaeilge do chraoltóirí raidió.
- Deiseanna comhoibrithe a chur chun cinn i measc craoltóirí agus ball-eagraíochtaí.

1. Taighde ar an bhféidearthacht a bhaineann le seirbhís raidió Gaeilge do dhaoine óga 15-34 bliana d'aois:

Ceann de ghníomhaíochtaí leanúnacha an Choiste Comhairligh don Ghaeilge ba ea forbairtí

Clare Diamond also attended meetings as a Senior Management representative of BAI, and Caroline Keville (BAI), Fiach Uíbh Eachach and Oisín Mac Giolla Bhríde (Foras na Gaeilge) provided administrative support at meetings.

Reporting

The Committee reports to the BAI Authority and to the Board of Foras na Gaeilge in the form of a summary written report on a once-yearly basis.

Meetings

Meetings were scheduled on a quarterly basis for 2021. Meetings were conducted online, and took place on the following dates:

- 24 March 2021
- 23 June 2021
- 15 September 2021
- 8 December 2021

Summary of Activities 2021

The following activities were targeted as areas of focus for 2021:

- Research on the potential for an Irish-language radio service for young people aged 15-34.
- Ongoing development and promotion of Irish-language resources for radio broadcasters.
- Promotion of collaborative opportunities among broadcasters and member organisations.

1. Research on the potential for an Irish-language radio service for young people aged 15-34:

One of the ongoing activities of the Irish Language Advisory Committee has been to progress developments relating to the proposed

a chur chun cinn maidir le tabhairt isteach / ceadúnú beartaithe stáisiún raidió óige Gaeilge trí mheascán de chraoltóireacht thraidisiúnta agus dhigiteach. Chuige sin, bunaíodh foghrúpa coiste in 2020, agus tá ionadaithe ann ó RTÉ, 2FM, Raidió na Gaeltachta, Conradh na Gaeilge, Raidió Rí-Rá agus Raidió na Life. Tháinig an foghrúpa le chéile roinnt uaireanta d'fhonn ábhair ar nós rannpháirtíocht comhpháirtíochta, acmhainneacht maidir le comhroinnt acmhainní, riachtanais mhaoinithe, agus ardán oiriúnach don tseirbhís óige atá beartaithe a phlé. Thug an foghrúpa faoi deara go mbeadh tacaíocht mhaoinithe ina réamhriachtanas mór chun stáisiún óige Gaeilge a bhunú, mar is dócha go mbeidh costais reatha bhliantúla ann ar nós costais ardáin agus tarchuir, baill foirne, trealamh agus costais reatha. Rinne an foghrúpa athbhreithniú ar thaighde ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta a rinneadh ó 2017-2020 a bhain le héisteacht raidió, nósanna meán lucht féachana óige agus cláir a raibh spéis ag lucht féachana óige iontu níos ginearálta, agus d'aithin siad ábhair le haghaidh breithniú breise. Mhol an foghrúpa freisin taighde a dhéanamh chun iniúchadh breise a dhéanamh ar an bhféidearthacht le haghaidh samhail raidió hibrideach don aoisghrúpa 15-34. D'aontaigh ÚCÉ, Foras na Gaeilge agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán an taighde seo a choimisiúnú. Forbraíodh sonraíocht don taighde seo agus foilseofar í in 2022. **2. Forbairt agus cur chun cinn leanúnach ar acmhainní Gaeilge do chraoltóirí raidió:** Le comhairle agus tacaíocht ó bhaill an Choiste, rinneadh roinnt acmhainní a fhorbairt agus a chur ar fáil do chraoltóirí d'fhonn soláthar clár raidió Gaeilge a fheabhsú.	introduction/licensing of an Irish language youth radio station via a mix of conventional and digital broadcasting. To that end, a committee subgroup was established in 2020, and is made up of representatives from RTÉ, 2FM, Raidió na Gaeltachta, Conradh na Gaeilge, Raidió Rí-Rá and Raidió na Life. The subgroup met a number of times in order to discuss matters such as partnership involvement, potential for resource-sharing, funding requirements, and a suitable platform for the proposed youth service. The subgroup noted that funding support would be a major pre-requisite to the establishment of an Irish-language youth station, as there are likely to be significant annual running costs such as platform and transmission costs, staff, equipment and running costs. The subgroup reviewed relevant national and international research conducted from 2017-2020 which related to radio listenership, media habits of youth audiences and programming of interest to youth audiences more generally, and identified matters for further consideration. The subgroup also recommended that research be undertaken to further explore the potential for a hybrid radio model for the 15-34 age group. BAI, Foras na Gaeilge and the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media have agreed to commission this research. A specification for this research has been developed and will be published in 2022. **2. Ongoing development and promotion of Irish-language resources for radio broadcasters:** With advice and support from Committee members, a number of resources have been developed and made available to broadcasters in order to enhance the provision of Irish-language radio programming.

Ghlac Oireachtas na Gaeilge seilbh ar reáchtáil shuíomh gréasáin Aerthonnta in 2019 agus ó shin tá sé i mbun comhairliúchán fairsing le craoltóirí chun an suíomh gréasáin a fhorbairt ina acmhainn níos praiticiúla agus níos cabhraí. Ní hé amháin gur suíomh é Aerthonnta a dhéanann poiblíocht ar chláir Ghaeilge, ach anois tá bunachar earcaíochta agus tairseach lárnach acmhainní aige a sholáthraíonn acmhainní teanga féinfhorbartha, chomh maith le naisc chuig a lán acmhainní téarmaíochta agus cartlainne eile. San áireamh ar an suíomh gréasáin tá an cúrsa teanga féinrochtana do chraoltóirí a mhaoinigh ÚCÉ agus a d'fhorbair Gaelchultúr i gcomhairle leis an gCoiste agus a cuireadh ar fáil in 2021.	Oireachtas na Gaeilge took over the running of the Aerthonnta website in 2019 and has since engaged in extensive consultation with broadcasters to develop the website into a more practical and helpful resource. Aerthonnta is not just a site publicising Irish programmes, but now has a recruitment database and a central resource portal providing self-developed language resources, as well as links to a host of other terminology and archive resources. Included on the website is the self-access language course for broadcasters which was funded by BAI and developed by Gaelchultúr in consultation with the Committee and made available in 2021.
Chuir Oireachtas na Gaeilge in iúl don Choiste, cé go bhfuil rochtain éasca anois ar raon leathan acmhainní teanga, nach bhfuil craoltóirí ag baint leas mór astu. Tá athbhrandáil ar an suíomh gréasáin ar siúl faoi láthair chun infheictheacht a fheabhsú agus an glacadh a mhéadú. Mhol an Coiste go bhféadfaí na hacmhainní nua a thaispeáint go díreach do chraoltóirí pobail agus tráchtála le cabhair ó CRAOL agus IBI.	Oireachtas na Gaeilge has indicated to the Committee that while there is now easy access to a wide range of language resources, broadcasters are not availing of them to any great extent. Rebranding of the website is currently underway to enhance visibility and to increase uptake. The Committee suggested that the new resources could also be showcased directly to community and commercial broadcasters with the help of CRAOL and IBI.
Chuige sin, bhí seisiún faisnéise ar siúl ag Féile CRAOL i mí Dheireadh Fómhair 2021 inar chuir ionadaithe ÚCÉ, Oireachtas na Gaeilge agus Glór na nGael acmhainní i láthair agus chun cinn, d'fhreagair siad ceisteanna agus mhol siad bealaí a bhféadfadh eagraíochtaí pobail Gaeilge agus stáisiúin áitiúla oibriú le chéile chun feabhas a chur ar Chláir Ghaeilge. Tá pleananna ann seisiún faisnéise den chineál céanna a reáchtáil do bhaill IBI i R1 2022.	To this end, an information session took place at the CRAOL Féile in October 2021 in which representatives of BAI, Oireachtas na Gaeilge and Glór na nGael presented and promoted resources, answered questions and suggested ways that Irish language community organisations and local stations could work together to enhance Irish language programming. There are plans to conduct a similar information session for IBI members in Q1 2022.

COISTE COMHAIRLEACH DON GHAEILGE: TUAIRISC 2021

IRISH LANGUAGE ADVISORY COMMITTEE: 2021 REPORT

3. Deiseanna comhoibrithe a chur chun cinn i measc craoltóirí agus ball-eagraíochtaí:	**3. Promotion of collaborative opportunities among broadcasters and member organisations:**
Leanann RTÉ agus TG4 ag obair le chéile ar chomhroinnt ábhar clár Gaeilge agus nuacht. Roinneann Raidió na Life ábhar ar bhonn leanúnach le craoltóirí raidió pobail d'fhonn tacú lena ngealltanais maidir le cláir Ghaeilge. Tá comhroinnt faisnéise feabhsaithe i measc bhaill an Choiste d'fhonn scéimeanna maoinithe, foilseacháin, imeachtaí agus acmhainní ábhartha a chur chun cinn agus a úsáid.	RTÉ and TG4 continue to work together on the sharing of Irish language programme and news content. Raidió na Life shares content on an ongoing basis with community radio broadcasters in order to support their Irish language programming commitments. There has been enhanced information-sharing among Committee members in order to promote and make use of relevant funding schemes, publications, events and resources.
Mar shampla, chuir Foras na Gaeilge faisnéis ar fáil faoi scéim tacaíochta gnó ar féidir leas a bhaint aisti chun tacú le leagan Gaeilge de shuíomh gréasáin eagraíochta a chruthú. Chuir ÚCÉ staitisticí Fuaime & Físe i láthair maidir le hiarratais Ghaeilge agus dhátheangacha chuig an dá bhabhta maoinithe oscailte in 2021 (B38 agus B40) chun aird a tharraingt ar leithdháiltí maoinithe don teilifís agus don Raidió agus chun réimsí le haghaidh fáis sa todhchaí a aithint. Thug TG4 tuairisc ar rath a chláir idirbhliana "Iriseoirí an Lae Amárach" a óstáladh i gcomhpháirtíocht le OÉG i Márta 2021. Ghlac 380 mac léinn páirt sa chlár.	For example, Foras na Gaeilge provided information on a business support scheme that can be availed of to support the creation of an Irish language version of an organisation's website. BAI presented Sound & Vision statistics on Irish language and bilingual applications to the two open funding rounds in 2021 (R38 and R40) to highlight funding allocations to TV and Radio and identify areas for future growth. TG4 reported on the success of its transition year programme "Iriseoirí an Lae Amárach" which was hosted in partnership with NUIG in March 2021. 380 students took part in the programme.
Tugadh deiseanna do na baill tuairisc a thabhairt ar a gcuid gníomhaíochtaí Gaeilge ag gach cruinniú agus chuir aoichainteoirí agus cur i láthair speisialta bealaí chun cinn inar féidir le baill tacú lena chéile agus cuidiú leo.	Members were given opportunities to report on their Irish language activities at every meeting and guest speakers and special presentations further promoted ways in which members can support and assist one another.
Aoichainteoirí a rinne cur i láthair don Choiste le linn 2021	**Guest speakers who made presentations to the Committee during 2021**
D'fhreastail Susan Kirby, POF nua Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann ar chruinniú Mheán Fómhair an Choiste d'fhonn í féin a chur in aithne do bhaill, chun tacaíocht na heagraíochta don Ghaeilge a dhearbhú, agus chun mionsonraí a thabhairt faoin obair atá á déanamh ag baill LSÉ atá ag táirgeadh cláir ardchaighdeáin i nGaeilge.	Susan Kirby, the new CEO of Screen Producers Ireland, attended the September Committee meeting in order to introduce herself to members, to confirm the organisation's support for the Irish language, and to detail the work being done by SPI members who are producing high quality programmes in Irish. SPI has set up an Irish

COISTE COMHAIRLEACH DON GHAEILGE: TUAIRISC 2021

IRISH LANGUAGE ADVISORY COMMITTEE: 2021 REPORT

Tá Coiste Gaeilge curtha ar bun ag LSÉ, faoi chathaoirleacht Iriail Mhic Mhurchú, agus faoi láthair tá straitéis á ceapadh aige d'fhorbairt na Gaeilge i measc táirgeoirí san earnáil closamhairc. Cuireadh fáilte ar an dá thaobh roimh dheiseanna ar chomhoibriú sa todhchaí idir an dá choiste.	Language Committee, chaired by Irial Mac Murchú, and is currently devising a strategy for the development of the Irish language among producers in the audiovisual sector. Opportunities for future co-operation between the two committees were welcomed on both sides.
Tugadh cuireadh do Dhara Ó Baoill ó Ghlór na nGael freastal ar chruinniú mhí Mheán Fómhair agus an obair atá á déanamh ag an eagraíocht a thaispeáint chun naisc a chruthú idir stáisiúin raidió áitiúla agus a bpobail. Thug Dara cur i láthair faoi thionsnaimh a cuireadh i gcrích le déanaí agus atá beartaithe don todhchaí chun tacú le stáisiúin áitiúla ábhar a chur lena lucht féachana. Pléadh smaointe ar an mbealach is fearr chun comhpháirtíochtaí a spreagadh idir stáisiúin raidió áitiúla, eagraíochtaí pobail agus gnóthais áitiúla d'fhonn an Ghaeilge a chur chun cinn. D'aontaigh Dara freisin dul i gcomhpháirtíocht le ÚCÉ agus le hOireachtas na Gaeilge ar na seisiúin faisnéise atá le tabhairt i gcomhar le CRAOL agus IBI.	Dara Ó Baoill of Glór na nGael was invited to attend the September meeting and showcase the work the organisation has been doing to help create links between local radio stations and their communities. Dara gave a presentation on recent and planned initiatives to support local stations to add content for their audiences. Ideas were discussed on how best to encourage partnerships between local radio stations, community organisations and local businesses in order to promote the Irish language. Dara also agreed to partner with the BAI and Oireachtas na Gaeilge on the information sessions to be given in conjunction with CRAOL and IBI.
Cuir i láthair speisialta na mball	**Special member presentations**
Ag cruinniú mhí an Mhárta, thug Foras na Gaeilge léargas mionsonraithe ar ghníomhaíochtaí agus scéimeanna na heagraíochta, lena n-áirítear roinnt a bhféadfadh spéis a bheith ag an gCoiste iontu. Spreagadh baill smaoineamh ar aon chomhthionscnaimh nó chomhpháirtíochtaí a d'fhéadfaí a bhunú chun an Ghaeilge a chur chun cinn, go háirithe maidir le hurraíocht agus deiseanna oideachais.	At the March meeting, Foras na Gaeilge gave a detailed overview of the organisation's activities and schemes, including some that may be of interest to the Committee. Members were encouraged to think about any joint initiatives or partnerships that could be formed to promote the Irish language, particularly in relation to sponsorship and education opportunities.
Ag cruinniú mhí na Nollag, thug Raidió na Life cur i láthair speisialta ar stair agus ar ghníomhaíochtaí agus aidhmeanna an stáisiúin agus thug sé faoi deara an iliomad láithreoirí ardphróifíle a chuir tús lena ngairmeacha craolta leis an stáisiún. Sa chur i láthair cuireadh béim ar an ról a bhí ag Raidió na Life i gcur chun cinn na Gaeilge do lucht féachana raidió thar na blianta,	At the December meeting, Raidió na Life gave a special presentation on the history and activities and aims of the station and noted the many high-profile presenters who began their broadcast careers with the station. The presentation emphasised the role that Raidió na Life has played in promoting the Irish language to radio audiences over the years, and the potential for future growth and expansion.

agus an poitéinseal d'fhás agus leathnú amach anseo.

Nuashonruithe eile don Choiste

I rith na bliana, coinníodh an Coiste suas chun dáta ar imeachtaí agus gníomhaíochtaí ábhartha eile. Mar shampla, thug ÚCÉ agus RTÉ achoimrí ar a bhfreastal faoi seach os comhair an Chomhchoiste Oireachtais i mBealtaine agus Deireadh Fómhair 2021. Scaipeadh faisnéis ar chéad seimineár gréasáin Gaeilge Litearthacht na Meán in Éirinn a óstáladh i gcomhar le Raidió na Gaeltachta ar an 1 Aibreán ar an mbréagaisnéis *("Cogar Mogar - beartas na mífhaisnéise in Éirinn").* Thug TG4 nuashonrú ar Thaighde Nuachta a rinneadh in 2021 le tacaíocht chomhpháirtíochta ó ÚCÉ.

Ráiteas Deiridh

Bliain athraithe ab ea 2021 don Choiste. Ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl do bhaill san am a chuaigh thart agus san am i láthair, go háirithe leis na Comhchathaoirligh bhunaithe Michael O'Keeffe agus Éamonn Ó hArgáin a chuaigh ar scor in 2021, as a dtiomantas den scoth don Ghaeilge, agus as spiorad na dearfacha agus na comhpháirtíochta ba dhual don Choiste ón tús. Táimid ag tnúth leis an spiorad dearfach sin a choinneáil agus a chothú.

Fionnuala Murphy (ÚCÉ),
Anna Davitt (Foras na Gaeilge),
Comhchathaoirligh an Choiste, 2021

Other updates to the Committee

In the course of the year, the Committee was kept up to date on other relevant events and activities. For example, BAI and RTÉ gave summaries of their respective attendances before the Joint Oireachtas Committee in May and October 2021. Information was circulated on Media Literacy Ireland's first Irish language webinar which was hosted in collaboration with Raidió na Gaeltachta on April 1st on the subject of disinformation *("Cogar Mogar – víreas na mífhaisnéise in Éirinn").* TG4 gave an update on News Research which was undertaken in 2021 with partnership support from BAI.

Concluding Statement

2021 has been a year of change for the Committee. We would like to express our gratitude to members past and present, in particular to the founding Co-Chairs Michael O'Keeffe and Éamonn Ó hArgáin who retired in 2021, for their outstanding commitment to the Irish language, and for the spirit of positivity and partnership that has been a hallmark of the Committee from the outset. We look forward to maintaining and nurturing that positive spirit.

Fionnuala Murphy (BAI),
Anna Davitt (Foras na Gaeilge),
Committee Co-Chairs, 2021